



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe - Fógra Suímh

Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)
Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) - Cuid 8

Dún Doighre, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe.

De bhua na gceanglas thuas, tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe tabhairt faoi fhorbairt ag an láthair seo thuas (Baile Fearainn: An Cartrún) a bheidh comhdhéanta de shíneadh leis an Reilig atá ann cheana in aice le Séipéal an Teaghlaigh Naofa i nDún Doighre.

Beidh pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe ar fáil lena n-íniúchadh, nó lena gceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhainfeadh lena gcóipeáil, le linn gnáthuaireanta oibre (Luan go hAoine, 9.00 a.m. go dtí 4.00 p.m. gan laethanta Saoire Bainc agus Saoire Phoiblí san áireamh) ón **Luan an 7 Samhain 2022** go dtí **Déardaoin an 9 Nollaig 2022**, ag an suíomh seo a leanas:

- Comhairle Chontae na Gaillimhe, An Rannóg Pleanála (Cuntar Poiblí), Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX.
- Comhairle Chontae na Gaillimhe, Oifig Ceantair Bhaile Locha Riach, Sráid na Bearice, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe, H62 K065.

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí i ndáil leis an bhforbairt bheartaithe, mar a bhaineann le pleanáil agus forbairt chuí an cheantair ina mbeadh an fhorbairt lonnaithe, a dhéanamh i scríbhinn chuig Rúnaí an Chontae, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX; nó i bhfoirm leictreonach ar an láithreán gréasáin speisialta ag <https://consult.galway.ie/en> le bheith istigh tráth nach déanaí ná **Dé hAoine an 6 Eanáir 2023**.

Sínithe ag:

Dáta:

Eileen Ruane

28 Deireadh Fómhair

2022

Stiúrthóir Seirbhísí, Timpeallacht agus Athrú Aeráide,
Seirbhísí Dóiteáin & Móréigeandála, Acmhainní Daonna
agus Córais Faisnéise